Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

PUBLIC

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0252(NLE)**
**2022/0253(NLE)**

**12575/22**

**LIMITE**

**ASIE 72**
**COASI 149**
**CONOP 87**
**COTER 222**
**POLCOM 116**
**SUSTDEV 158**
**PI 118**
**GENDER 148**
**JAI 1201**
**MIGR 261**
**COHAFA 85**
**COHOM 109**
**CODRO 7**
**COMPET 718**
**TELECOM 373**
**RECH 500**
**CLIMA 454**
**ENER 452**
**TRANS 582**
**TOUR 64**
**EDUC 318**
**CULT 98**
**ENV 891**
**POLMAR 56**
**SAN 520**
**AGRI 453**
**EMPL 343**
**STATIS 42**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11898/22 + ADD 1, 11896/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile<br>– Glacadh<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 25 Samhain 2004, d'údaraigh an Chomhairle caibidlíocht le haghaidh Creat-Chomhaontú maidir le comhpháirtíocht agus comhar le Ríocht na Téalainne (14844/04 DCL 1).

2. An 7 Samhain 2013, cuireadh in iúl don Mheitheal um an Áise-Aigéine (COASI) go raibh inisealacha curtha leis an gCreat-Chomhaontú maidir le comhpháirtíocht chuimsitheach agus comhar cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile, ag na príomh-idirbheartaithe don Aontas agus don Téalainn.

3. An 23 Meitheamh 2014, d'iarr an Chomhairle ar cheannaireacht mhíleata na Téalainne an próiseas daonlathach a athbhunú trí thoghcháin inchreidte chuimsitheacha. Chinn sé nach síneodh an tAontas ná a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair go dtí go mbeadh rialtas a toghadh go daonlathach i bhfeidhm (11022/14).

4. Tar éis olltoghcháin a reáchtáil, parlaimint iolraíoch agus rialtas tofa a bhunú, mheas an Chomhairle gurbh iomchuí ullmhúchán a dhéanamh do shíniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair (12909/1/19 REV1) an 14 Deireadh Fómhair 2019. Seoladh an chaibidlíocht leis an Téalainn le haghaidh leagan cothrom le dáta den chomhaontú in 2020. An 14 Iúil 2022, chuir SEGS toradh na caibidlíochta sin faoi bhráid COASI (WK 5096/20 REV3).

5. An 24 Lúnasa 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile chomh maith le Creat-Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach agus Comhar Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht na Téalainne, den pháirt eile (11898/22 + ADD1).

6. An 19 Meán Fómhair 2022, d'aontaigh COASI go n-iarrfaí ar Choiste na mBuanionadaithe na téacsanna a fhormheas.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe sin a ghlacadh, mar a leagtar amach in 11909/22 agus in 11910/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

PUBLIC

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;

- cinneadh a dhéanamh an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 11908/22 agus in 11910/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

PUBLIC